C/2025/2759

14.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11961 — COOPER / VIATRIS (OVER THE-COUNTER ASSETS))

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2759)

1. An 2 Bealtaine 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Cooper Consumer Health S.A.S. ('Cooper', an Fhrainc),

— Sócmhainní ghnó Eorpach thar an gcuntar Viatris Inc. (an 'sprioc-chuideachta', an Fhrainc agus an Iodáil).

Gheobhaidh Cooper rialú aonair ar an Sprioc ina hiomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cúraim sláinte do thomhaltóirí é Cooper, atá gníomhach go príomha i monarú agus dáileadh táirgí thar an gcuntar, táirgí sláinte tomhaltóirí agus táirgí féinchúraim tomhaltóirí,

— Is éard atá sa Sprioc líon beag de shócmhainní thar an gcuntar de chuid Viatris Inc., lena n-áirítear feistí leighis chun piollairí a ghearradh, agus purgóidí thar an gcuntar, vitimíní agus táibléid caiféine.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11961 — COOPER / VIATRIS (OVER THE-COUNTER ASSETS)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË